Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/3124

13.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/3124 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 5 Nollaig 2024**

**lena n-údaraítear an Coimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le hathbhreithniú ar Phrótacal 1999 a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin ('an Coinbhinsiún') ([1]), a síníodh in 1979 agus a tháinig i bhfeidhm in 1983, leagtar síos prionsabail an chomhair idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an aerthruailliú. Is páirtithe sa Choinbhinsiún iad an tAontas agus a Bhallstáit uile.

(2) Is páirtí é an tAontas i bPrótacal 1999 a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún ('Prótacal Gothenburg'), tar éis don Chomhphobal Eorpach aontú dó de bhun Chinneadh 2003/507/CE ón gComhairle ([2]). Leasaíodh Prótacal Gothenburg in 2012, agus le Cinneadh (AE) 2017/1757 ([3]) d'údaraigh an Chomhairle glacadh le leasuithe 2012.

(3) Maidir leis na gealltanais laghdaithe astaíochtaí náisiúnta i bPrótacal Gothenburg, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais iad le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(4) Sheol Comhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phrótacal Gothenburg ag an 43ú seisiún a bhí aige i mí na Nollag 2023 ([5]). Ar an mbonn sin, meastar go gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht maidir le leasuithe ar Phrótacal Gothenburg ag an 44ú seisiún den Chomhlacht Feidhmiúcháin a bhfuil sé beartaithe go dtarlóidh sé ón 9 go 12 Nollaig 2024.

(5) Ba cheart don Aontas, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht, páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le hathbhreithniú ar Phrótacal Gothenburg.

(6) Ba cheart na seasaimh ó na Ballstáit a chur san áireamh ar bhealach sách maith le linn na caibidlíochta maidir le hathbhreithniú ar Phrótacal Gothenburg. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún Meitheal na Comhairle um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil a chur ar an eolas go rialta agus dul i gcomhairle léi,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo údaraítear an Coimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, maidir le hathbhreithniú ar Phrótacal 1999 a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún ('Prótacal Gothenburg').

([1]) An Coinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin (IO L 171, 27.6.1981, lch. 13).
([2]) Cinneadh 2003/507/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2003 maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh leis an bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún, (IO L 179, 17.7.2003, lch. 1).
([3]) Cinneadh (AE) 2017/1757 ón gComhairle an 17 Iúil 2017 maidir le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le Leasú ar Phrótacal 1999 a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún (IO L 248, 27.9.2017, lch. 3).
([4]) Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).
([5]) Cinneadh 2023/5 lena seoltar próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPrótacal chun Laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún, arna leasú in 2012, agus chun aghaidh a thabhairt ar chonclúidí eile dá athbhreithniú ó Chomhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin (ECE/EB.AIR/154), an Ghinéiv, ón 11 go dtí an 14 Nollaig 2023.

*Airteagal 2*

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) den Chonradh.

Comhoibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go dlúth le chéile le linn an phróisis chaibidlíochta, d'fhonn aontacht a bhaint amach maidir le hionadaíocht idirnáisiúnta an Aontais.

*Airteagal 4*

Féadfaidh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na dtreoracha caibidlíochta i gcás forbairtí ábhartha in 2025 agus 2026, go háirithe má théann an leibhéal uaillmhéine sa chaibidlíocht níos faide ná dlí ábhartha an Aontais, agus in aon chás tar éis an 46ú seisiún den Chomhlacht Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10 den Choinbhinsiún, i gcás nach mbeidh an t-athbhreithniú ar Phrótacal Gothenburg tugtha i gcrích ag deireadh an 46ú seisiún sin.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY B.